C/2024/2381

27.3.2024

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2024/2381)

De bhun Airteagal 9(1)(a) de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear leis seo na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

Ar leathanach 202, sa Nóta Míniúcháin a ghabhann leis an bhfo-cheannteideal AC ***'3924 90 00 Eile', cuirtear an téacs seo a leanas isteach i ndiaidh an téacs atá ann cheana:***

'Áirítear leis an bhfo-cheannteideal seo freisin táirgí a dhéantar as meascáin d'ábhair pháipéir amhail laíon páipéir, páipéar, flocas ceallalóise nó gréasáin de shnáithíní ceallalóise ina bhfuil polaiméir shár-ionsúiteach (e.g. líneálacha leapa d'othair neamhchoinneálachta nó pillíní oiliúna madraí). Is é príomhfheidhm na dtáirgí sin sreabháin uiscí a ionsú. Coinníonn an pholaiméir shár-ionsúiteach sreabháin uiscí i gcroílár na dtáirgí go héifeachtach, agus is é sin a thugann a saintréith do na táirgí. Leis na hábhair pháipéir go háirithe, éascaítear ionsú agus iompar tosaigh na sreabhán uiscí chuig an bpolaiméir shár-ionsúiteach.

I gcomhréir le Nóta 2(z) a ghabhann le Caibidil 39, eisiatar táirgí faoi cheannteideal 9619 ón bhfo-cheannteideal seo (féach freisin Nóta ceannteidil 1 a ghabhann le Caibidil 96).'

Ar leathanach 231, sa Nóta Míniúcháin a ghabhann leis na fo-cheannteidil AC ***'4818 90 10 agus 4818 90 90 Eile', cuirtear an téacs seo a leanas isteach i ndiaidh na chéad mhíre:***

'Ní áirítear leis na fo-cheannteidil seo táirgí a dhéantar as meascáin d'ábhair pháipéir amhail laíon páipéir, páipéar, flocas ceallalóise nó gréasáin de shnáithíní ceallalóise ina bhfuil polaiméir shár-ionsúiteach, i gcás inarb é príomhfheidhm an táirge sreabháin uiscí a choinneáil ag an bpolaiméir shár-ionsúiteach (féach an nóta míniúcháin a ghabhann le fo-cheannteideal 3924 90 00, an tríú mír).'

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.